

NUASHONRÚ Módúlachtaí praiticiúla Phainéil Saoránach Eorpach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa

Beidh an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ag tarraingt ar mheascán d'imeachtaí ar líne agus as líne, arna n-eagrú ag na hinstiúidí Eorpacha, ag na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag saoránaigh, imeachtaí a ndéanfar a dtorthaí a bhailiú, a anailísiú agus a fhoilsiú ar an ardán digiteach. Beidh na **Painéil Saoránach Eorpach**, arna n-eagrú **faoi phríomhábhair na Comhdhála, mar chuid lárnach den Chomhdháil**. Is go randamach a roghnófar na painéil, a bheidh ionadaíoch ar éagsúlacht shocheolaíoch an Aontais agus a eagrófar i gcaitheamh roinnt plésheisiún, agus cuirfidh siad smaointe agus **moltaí** le chéile a chuirfidh le plé foriomlán na Comhdhála, go háirithe, sna cruinnithe iomlánacha, agus a bheidh sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála.

1. Roghnú randamach saoránach, agus iad ionadaíoch ar éagsúlacht shocheolaíoch an Aontais

- D'fhonn éagsúlacht a áirithiú trí mhodheolaíocht inchreidte a chur i bhfeidhm, agus bunaithe anois ar fhianaise a fuarthas ó iliomad taithí ar thionóil saoránach ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach, **roghnófar na rannpháirtithe as measc saoránach arna roghnú go randamach agus é mar aidhm leis sin 'painéil' a bhunú a bheidh ionadaíoch ar éagsúlacht shocheolaíoch an Aontais** (grúpaí éagsúla a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu ar bhonn 5 chritéar: náisiúntacht, uirbeach/tuaithe, cúlra socheacnamaíoch, inscne agus aois).
- Déanfar an roghnú agus an pobal iomlán á chur san áireamh (teoranta do shaoránaigh an Aontais). Rachfar i dteagmháil leo ar an nguthán (**uimhreacha gutháin** – seasta agus soghluaiste – á ngingniúint go randamach) i roinnt babhtaí chun cuspóir na bpainéal a mhíniú dóibh agus toiliú a fháil uathu. Má aontaíonn siad, gheobhaidh siad litir shainordúcháin ina míneofar go díreach cad leis a bhfuiltear ag súil uathu agus gheobhaidh siad tacaíocht agus treoir ghairmiúil le linn an phróisis.
- Beidh gach Painéal Saoránach Eorpach comhdhéanta de **200 saoránach** d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir éagsúlacht (a éascaítear nuair is airde an líon daoine) agus éascaíocht an phléphróisis (is trí mheascán de chruinnithe iomlánacha agus de mheithleacha is fearr a dhéantar an obair), agus chun an chomhréireacht chéimlaghdaitheach a chuirtear i bhfeidhm ar chomhdhéanamh Parlaimint na hEorpa a chur san áireamh.
- Ós rud é go bhfuil sé mar aidhm ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa díriú go sonrach ar an aos óg, **is idir 16 bliana agus 25 bliana d'aois a bheidh aon trian de na saoránaigh a chomhdhéanann na Painéil Saoránach**. Ina theannta sin, cruthófar nasc speisialta idir an grúpa óige sin agus an Cruinniú Eorpach um an Óige.
- Le gné an roghnúcháin randamaigh, ba cheart go gcuirfí le rannpháirtíocht raon leathan saoránach, lena n-áirítear iad siúd nach minic leo dul i mbun gnóthaí Eorpacha. Dá bhrí sin, **déanfar an roghnú ar bhonn modheolaíocht lena n-áiríteofar go mbeidh rannpháirteachas iomchuí ann**, a bhuí le foirne gairmiúla dea-oilte, **leis na saoránaigh a rachfar i dteagmháil leo**. Tá conradh sínithe ag an gCoimisiún le cuideachta sheachtrach

chun an roghnú randamach rannpháirtithe seo a dhéanamh. Tacóidh na teagmhálaithe 'modheolaíochta' leo sna hiarrachtaí sin (féach thíos).

2. Dearadh agus modheolaíocht

- **Ceithre Phainéal Saoránach Eorpach** a bheidh ann.
- **Tá na hábhair a bheidh le plé do gach ceann de na Painéil bunaithe ar théamaí an Ardáin Dhigitigh Ilteangaigh** agus déanfar iad a chnuasú ar an mbealach seo a leanas:
 - (1) Daonlathas/luachanna Eorpacha, cearta, an smacht reachta, an tslándáil;
 - (2) An t-athrú aeráide, comhshaol/sláinte;
 - (3) Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta, poist/oideachas, an óige, cultúr, spórt/an t-aistriú digiteach;
 - (4) An tAontas sa domhan/imirce;
- Cuirfidh na painéil san áireamh na rannchuidithe a bailíodh, faoi chuimsiú na Comhdhála, tríd an Ardán, agus déanfaidh siad sraith moltaí a fhoirmlíú a bhféadfaidh an tAontas obair leantach a dhéanamh ina leith agus a dhéanfar a phlé i gCruinnithe Iomlánacha na Comhdhála.
D'fhonn an sprioc sin a bhaint amach, ní mór **struchtúr** na bPainéal Saoránach a bheith **bunaithe ar na príomhábhair a phléifear le linn na Comhdhála. Cuirfear na Painéil Saoránach Eorpach ar an eolas freisin faoi aon mholtaí ó na Painéil Saoránach Náisiúnta.**
- Beidh **modheolaíocht dhian agus pléphrótacal soiléir** i bhfeidhm, a bheidh bunaithe ar an taithí mhaith atá anois ag na tionóil saoránach, agus leis an méid sin, mar aon le hionchur ó shaineolaithe, éascaitheoirí agus seiceálaithe fíricí, treorófar na rannpháirtithe go mbeidh siad ina ann líon na saincheisteanna a laghdú de réir a chéile agus sraith **moltaí a dhearadh i dteannta a chéile agus faoi chomhúinéireacht**. D'fhéadfadh **grúpaí comhairleacha neamhspleácha**, comhdhéanta de chineálacha éagsúla saineolaithe agus páirtithe leasmhara, na Painéil a thionlacan. Cuirfear liosta saineolaithe agus páirtithe leasmhara ar fáil do na painéil agus beidh siad in ann iad a roghnú de réir na dtopaicí agus na riachtanas sonracha atá acu.
- Chun a chur ina luí ar shaoránaigh gur cheart dóibh a bheith rannpháirteach, go háirithe iad siúd nach bhfuil eolach ar ghnóthaí poiblí, is gá **insint shoiléir a fhorbairt do na saoránaigh chun go bhféadfaidh siad tuiscint a fháil ar chuspóir a rannpháirtíochta agus ar an ngealltanas a mbeifí ag súil leis uathu**. Cuirfear an méid sin in iúl i **'litir shainordúcháin'** do shaoránaigh, chun cuspóir na bpainéal a mhionsonrú agus cur síos ar an ngealltanas beart leantach a dhéanamh, bunaithe ar an Dearbhú Comhpháirteach.
- Cuirfidh na Comhchathaoirligh an Bord Feidhmiúcháin ar an eolas roimh ré maidir le forbairt na módúlachtaí praiticiúla le haghaidh eagrú Phainéil Saoránach na Comhdhála.

3. Teangacha, tráthchlár agus suíomh

- Chomh maith leis an am is gá chun faisnéis a ullmhú, faisnéis a chomhroinnt agus aiseolas a thabhairt, tiocfaidh na painéil le chéile le linn **trí cinn de phlésheisiúin ar a laghad, a**

mhairfidh dhá lá ar a laghad, lena n-áirítear dhá phléiseisiún ar a laghad a mbeidh daoine i láthair acu go fisiciúil, má cheadaítear sin sa chomhthéacs sláinte.

- **Tá sé beartaithe go mbeidh imeacht saoránach hibrideach ann** i mí an Mheithimh. Eagrófar **imeacht deiridh** in 2022 chun aiseolas a thabhairt do na painéil leantacha.
- **Beidh na painéil uile ar siúl sa tréimhse fhoriomlán céanna ó fhómhar 2021 go hearrach 2022.** Ar chúiseanna lóistíochta, ní bheidh seisiúin na bPainéal uile ar siúl ag an am ceannann céanna. Dá bhrí sin, cuirfidís a gconclúidí i láthair ag cruinnithe iomlánacha éagsúla (chuirfeadh dhá phainéal a gcuid moltaí i láthair na gCruinnithe Iomlánacha i mí na Nollag agus dhéanfaidh an dá phainéal eile a gcuid moltaí a chur i láthair i mí Eanáir).
- **Beidh na painéil ilteangach** (24 theanga oifigiúla an Aontais sna cruinnithe iomlánacha painéil agus na teangacha a bheidh ag teastáil, sna meithleacha).
- Beidh conradh ann le **soláthraí seirbhíse seachtrach a chuideoidh linn modheolaíocht** na bPainéal sin a dhearadh, agus modhnú agus éascú a dhéanamh orthu, **agus a gcuid lóistíochta a eagrú**, lena n-áirítear an fhéidearthacht ateangaireacht a chur ar fáil. Mar sin féin, is iad **an Chomhrúnaíocht agus Bord Feidhmiúcháin na Comhdhála** a dhéanfaidh na Painéil Saoránach sin a chomhordú agus a mhaoirsiú go hiomlán.
- Beidh seisiúin fhisiciúla na bPainéal ar siúl, a mhéid is féidir, in **áiteanna éagsúla** amhail Strasbourg, agus in áiteanna eile ar fud an Aontais. D'fhéadfaidh sé go mbeadh tosaíocht ag seisiúin ar líne dá leanfaidh cúrsaí Covid-19 ar aghaidh mar atá.
- D'fhéadfaí **cruinnithe iomlánacha na bPainéal a bheoshruthú**, agus ba cheart doiciméid a bpléití agus a ndíospóireachtaí a chur ar fáil go poiblí ar an Ardán Digiteach Ilteangach. Beidh **rannán ar leith ann freisin do na painéil ar an Ardán**, a úsáidfear chun críocha cumarsáide agus plé.

4. Torthaí na bPainéal agus a n-ionchur i gCruinnithe Iomlánacha na Comhdhála

- **Pléifear moltaí na bPainéal ag Cruinnithe Iomlánacha na Comhdhála, cuirfear le tuarascáil deiridh na Comhdhála iad**, agus beidh siad mar chuid d'aschur na Comhdhála, ar ar a bhonn a eagróidh institiúidí an Aontais an obair leantach, i gcomhréir leis an Dearbhú Comhphárteach.
- Ba cheart do na Painéil Saoránach foráil a dhéanamh go mbeidh **idirghníomhaíocht leordhóthanach ann le Cruinnithe Iomlánacha na Comhdhála**, agus le hionchur ábhartha eile ó na saoránaigh, go háirithe ar an Ardán Digiteach Ilteangach Comhdhála, arb é an príomh-mhol é chun na sonraí uile a bhaineann leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa a bhailiú, agus anailís a dhéanamh orthu leis na tuarascálacha rialta a chur ar fáil.
- Glacfaidh toscaireachtaí saoránach ó gach Painéal páirt sna Cruinnithe Iomlánacha. Beidh **20 ionadaí** as gach ceann de na Painéil Saoránach Eorpach **páirteach sna seisiúin Iomlánacha**, cothromaíocht inscne a háiritiú acu agus **aon trian díobh ar a laghad faoi bhun 25 bliana d'aois**, agus déanfaidh siad toradh a gcuid pléití a chur i láthair agus iad a phlé leis na

rannpháirtithe eile. **Freastalóidh ionadaithe sin na bPainéal ar Chruinnithe Iomlánacha na Comhdhála.**

- Tiocfaidh **anailís/tuarascáil shonrach** as na Painéil, bunaithe ar smaointe bunaidh na saoránach mar a léirítear le linn phléití na bPainéal iad. Beidh **na moltaí deiridh san anailís/tuarascáil seo chomh maith le cuntas mionsonraithe ar ábhar phléití na bPainéal.** Áireofar leis sin argóintí agus díospóireachtaí chomh maith leis na plé-chéimeanna éagsúla as ar eascair siad. Maidir leis na tuarascálacha, is iad na soláthraithe seirbhísí atá i gceannas ar an dearadh agus ar an éascú a ullmhóidh iad agus formhuineoidh na Painéil faoi seach iad sula gcuirfear ar fáil don phobal ar an ardán digiteach ilteangach iad.
- Cuirfear ceistneoir isteach ag tús agus ag deireadh an phróisis chun éagsúlacht na bpainéal, an méid sástachta leis an bpróiseas, agus an **cuair foghlama** a d'fhéadfadh a bheith acu de bharr pléimhódhanna na bpainéal, a mheas.
- Chomh maith leis an gcruinniú aiseolais, **coinneofar rannpháirtithe na bpainéal ar an eolas faoin bpróiseas** agus faoin obair leantach go díreach agus tríd an ardán digiteach, trí nuachtlitreacha rialta agus trí ríomhphost *ad hoc* .